Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9442/24**

**CONOP 26**
**CFSP/PESC 798**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas Eorpach i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an Cúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le cosc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an Cúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le Cosc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4028ú cruinniú a bhí aici an 27 Bealtaine 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh ón Aontas i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú**

**i bhfianaise an Chúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le cosc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra**

## *I- Réamhrá*

1. Tá an tAontas Eorpach ar aon ghuth maidir le tacaíocht a thabhairt don Choinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú agus maidir lena chuspóirí a shaothrú[1]. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag tacú le fada leis an dímhianú agus le mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a scriosadh, chomh maith le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh mianach frithphearsanra, uiliú an Choinbhinsiúin a chur chun cinn agus tacú leis na Stáit is Páirtithe an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach. Tá Ballstáit uile an Aontais ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún ón 1 Meitheamh 2013;
2. Measann an Chomhairle gur príomhionstraim dí-armála é an Coinbhinsiún, nach mór a shláine, a chur chun feidhme iomlán agus a chur i bhfeidhm docht a ráthú, agus caithfear cloí leis go huilechoiteann. Ó tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm 25 bliana ó shin, tá ag éirí thar cionn leis ó thaobh na taidhleoireachta dí-armála de agus is eiseamláir é de bhunluachanna an Aontais: ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, atá fréamhaithe in urraim do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta. Leis an gCoinbhinsiún, cuirtear norm domhanda láidir maidir Toirmeasc ar úsáid, aistriú agus táirgeadh mianach frithphearsanra le torthaí suntasacha maidir le mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a dhíothú, talamh mianachthruaillithe a imréiteach, agus an fhoráil go gcuirfidh gach Stát is Páirtí cúnamh ábhartha ar fáil d'íospartaigh mianach, más acmhainn dó sin a dhéanamh, foráil ar cheart a chomhtháthú i mbeartais, pleananna agus creataí dlíthiúla náisiúnta níos leithne.

[1] Dá ngairtear anseo feasta 'an Coinbhinsiún'.

Tá tionchar dearfach suntasach intomhaiste ag an gCoinbhinsiún ar an gcosaint dhaonnúil, ar an gcobhsaíocht, ar an bhforbairt agus ar an dí-armáil ar fud an domhain, rud a thacaíonn leis an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach;

3. Aithníonn an Chomhairle nár baineadh amach cuspóirí an Choinbhinsiúin ina n-iomláine fós. Leanann an truailliú de thoradh mianaigh fhrithphearsanra de dhíobháil a dhéanamh, buairt a chur ar dhaoine, rochtain a dhiúltú, srian a chur ar an bhforbairt shocheacnamaíoch, agus cosc a chur ar dhídeanaithe agus daoine easáitithe ina dtír féin filleadh abhaile. Is trom an t-ualach a chuireann mianaigh fhrithphearsanra agus fuílligh phléascacha chogaidh ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh, ar phobail, ar réigiúin agus ar Stáit agus níor cheart glacadh leis. Cáineann an Chomhairle go láidir cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, chomh maith le húsáid mianach frithphearsanra agus mianach frithphearsanra seiftithe, rud a fhágann gurb í an Úcráin an tír is truaillithe le mianaigh ar domhan. Tá imní ar an gComhairle freisin faoi éillithe nua i dtíortha ar nós an Iaráic, an Libia, an tSiria, Éimin agus Maenmar agus sa tSaiheil. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil aon úsáid a bhaintear as mianaigh fhrithphearsanra áit ar bith ag am ar bith, agus ag gníomhaí ar bith fós go hiomlán do-ghlactha don Aontas;

4. Meabhraítear don Chomhairle gur mórdheontóirí iad an tAontas agus a Bhallstáit maidir le cúnamh don ghníomhaíocht mianach ar fud an domhain, rud a thacaíonn le huiliú na gceantar ina bhfuil mianaigh, suirbhéireacht a dhéanamh orthu agus iad a dímhianú, oideachas maidir le rioscaí mianach talún, cúnamh d'íospartaigh, mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a dhíothú, fothú acmhainneachta agus taighde agus forbairt a dhéanamh ar an teicneolaíocht maidir le mianaigh a bhrath agus a dímhianú. Ón gComhdháil Athbhreithniúcháin dheireanach a bhí ag an gCoinbhinsiún in 2019, tá an tAontas agus a Bhallstáit fós ina ndeontóirí móra don ghníomhaíocht mianach ar fud an domhain, agus leithdháileadh EUR 26 mhilliún in 2022 agus EUR 38.5 milliún in 2023 faoi na hionstraimí um fhreagairt ar ghéarchéimeanna, agus EUR 8.5 milliún eile in 2022 agus EUR 16 mhilliún in 2023 faoi chúnamh daonnúil. Meabhraítear don Chomhairle freisin an tacaíocht shuntasach chomhlántach ó Bhallstáit aonair an Aontais do ghníomhaíochtaí agus tionscadail cúnaimh maidir le gníomhaíochtaí mianach a chistiú;

5. Meabhraítear don Chomhairle an rannchuidiú a tugadh d'Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin faoi Chinneadh (CBES) 2021/257 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021, chun tacú le Plean Gníomhaíochta Osló le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú.

Leis an gCinneadh sin, cuireadh ar chumas an Aonaid Tacaíochta Cur Chun Feidhme páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Osló a glacadh tráth Cheathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin in 2019, lena n-áirítear trí uiliú a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe an suirbhé, an t-imréiteach, an t-oideachas maidir le rioscaí mianach talún agus na gnéithe de Phlean Gníomhaíochta Osló maidir le cúnamh d'íospartaigh de a chur chun feidhme;

6. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici an cúnamh atá tugtha ag an iliomad comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chun an Coinbhinsiún a fhorbairt agus chun a áirithiú gur éirigh go maith leis le 25 bliana anuas, lena n-áirítear na Stáit is Páirtithe agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta uile, an tsochaí shibhialta, taighdeoirí, agus gach deontóir agus oibreoir maidir leis an ngníomhaíocht mianach. I bhfianaise an mhéid sin, aithníonn an Chomhairle, i measc grúpaí eile, an obair mhór atá déanta ag Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg agus ag an bhFeachtas Idirnáisiúnta chun mianaigh talún a chosc. Ba mhaith leis an gComhairle urraim a thabhairt, go háirithe, do mhisneach agus tiomantas dímhianadóirí ar fud an domhain atá ag obair chun go mbeidh rochtain in athuair ar thalamh agus go mbeidh an talamh sin sábháilte arís; agus ba mhaith leis an gComhairle na daoine a cailleadh, agus an obair uasal sin á déanamh acu, a choimeád i gcuimhne. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé marthanóirí agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, lena n-áirítear eagraíochtaí don óige agus eagraíochtaí um chearta na mban agus eagraíochtaí atá faoi stiúir na mban, a áireamh i gcur chun feidhme agus in uiliú an Choinbhinsiúin. Tréaslaíonn an Chomhairle le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin as a obair sheasmhach fhíorluachmhar. Ar deireadh, leagann an Chomhairle béim ar an gcomhpháirtíocht láidir agus ar an gcomhar iontach atá idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas ó thaobh na gníomhaíochta mianach;

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an Cúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún a bheidh ar siúl in Siem Reap-Angkor ón 25 go dtí an 29 Samhain 2024, agus beidh deis ann chun an dul chun cinn a athbhreithniú, gealltanais a athdhearbhú agus uiliú breise agus cur chun feidhme neartaithe an Choinbhinsiúin a chur chun cinn. Measann an Chomhairle gur cheart don Chomhdháil Athbhreithniúcháin a thathant ar na Stáit is Páirtithe páirt a ghlacadh in idirphlé oscailte cuiditheach agus deis a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha uile na dúshláin atá ann i láthair na huaire agus a bheidh ann amach anseo a phlé agus dlús a chur leis an dul chun cinn atá déanta chun an sprioc chomhpháirteach domhan atá saor ó mhianaigh frithphearsanra a bhaint amach;

8. Tá míniú níos iomláine ar spriocanna an Aontais maidir le toradh na Comhdhála Athbhreithnithe sa pháipéar seasaimh faoi mhír II.

## *II- Páipéar seasaimh an Aontais Eorpaigh i bhfianaise an chúigiú comhdháil athbhreithniúcháin maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú (Siem Reap-Angkor, an 25-29 Samhain 2024)*

Oibreoidh an tAontas Eorpach ar bhealach cuiditheach chun go mbeidh comhdhearcadh rathúil ann i dtaca le toradh na Comhdhála Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le cosc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra agus, ar an dóigh sin, díreoidh sé ar na míreanna seo a leanas a áireamh sna trí dhoiciméad toraidh comhdhearcaidh atá beartaithe: (1) an t-athbhreithniú ar fheidhmiú agus stádas an Choinbhinsiúin, (2) an dearbhú polaitiúil agus (3) an plean gníomhaíochta.

*1) Maidir leis an athbhreithniú ar fheidhmiú agus stádas an Choinbhinsiúin:*

1. Dúshláin nua maidir leis an gcur chun feidhme a shainaithint a ndeachaigh na Stáit is Páirtithe i ngleic leo i ngach réimse den Choinbhinsiún (uiliú, comhlíonadh, cúnamh d'íospartaigh, dímhianú, díothú stoc-charn, comhar agus cúnamh, trédhearcacht, agus faisnéis a mhalartú);
2. Na conclúidí ó Uachtaránacht na Gearmáine ón 21ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe den Choinbhinsiún maidir leis na dúshláin atá faoi láthair, mar a leagadh amach iad sna páipéir a scaipeadh ag an gComhdháil, a mheabhrú;
3. Féachaint le hathbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar stádas cur chun feidhme oibleagáidí an Choinbhinsiúin ó bhí an Ceathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin ann in 2019, ag tógáil ar obair ullmhúcháin agus ar chonclúidí ó Choistí an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear:

   *Uiliú*

   a. Tacú leis na hiarrachtaí uile atá á ndéanamh chun uiliú a bhaint amach, lena n-áirítear iarrachtaí na hUachtaránachta, an Aonaid Tacaíochta Cur Chun Feidhme agus Thoscairí Speisialta an Choinbhinsiúin, agus dreasachtaí a fhorbairt chun uiliú a chur chun cinn, trí chistiú san áireamh;

   *Cur chun feidhme Airteagal 5*

   b. Na Stáit is Páirtithe a spreagadh chun faisnéis mhionsonraithe faoi chur chun feidhme a n-oibleagáidí faoi Airteagal 5, go háirithe maidir le hiarrataí ar shíneadh, a chur isteach in am;

c. A mheabhrú go gcaithfidh 14 Stát is Páirtithe a n-oibleagáidí maidir le dímhianú a chomhlíonadh faoi 2025, agus gur trua gur dócha nach n-éireoidh ach le líon beag acu an spriocdháta sin a chomhlíonadh;

d. Iarrachtaí ó na Stáit is Páirtithe uile lena mbaineann a mholadh, i bhfianaise na n-iarrataí iomadúla ar shíneadh atáthar ag súil leo in 2024; A iarraidh ar na Stáit is Páirtithe pleananna oibre mionsonraithe a chur isteach do na tréimhsí sínithe a iarradh, lena n-áirítear anailís chostais agus tionscnaimh atá sonrach don chomhthéacs le haghaidh oideachas maidir le rioscaí mianach talún agus laghdú i bpobail a ndéantar difear dóibh;

e. A mholadh do na Stáit is Páirtithe caighdeáin náisiúnta maidir leis an ngníomhaíocht mianach a choinneáil cothrom le dáta i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta is déanaí maidir leis an ngníomhaíocht mianach;

f. A mholadh do na Stáit is Páirtithe a thuairiscítear a bheith éillithe ag mianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe leanúint d'fheasacht a chothú maidir leis an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar an éilliú sin faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin;

g. Treisiú na sineirgí idir an Coiste um Chur Chun Feidhme Airteagal 5 agus an Coiste um Fheabhsú Comhair agus Cúnaimh a mholadh, chomh maith leis an idirphlé le heagraíochtaí saineolacha a fheabhsú;

h. Tacú le grúpa tacaíochta neamhfhoirmiúil a bhunú don Choiste um Chur Chun Feidhme Airteagal 5, agus leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar conas próiseas Airteagal 5 a neartú, lena n-áirítear ionchur ó pháirtithe leasmhara ábhartha;

*Cur chun feidhme Airteagal 7*

i. A iarraidh ar na Stáit is Páirtithe a gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 7 a chomhlíonadh;

*Maidir le comhar agus cúnamh*

j. Toradh an tríú Comhdháil Dhomhanda maidir le cúnamh d'íospartaigh a chur chun cinn agus a áirithiú go gcuirfear an toradh san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta a bheidh ann amach anseo;

k. Tacú le formáid an chur chuige saincheaptha a chuireann an Coiste chun feidhme chun ardán a thabhairt do na Stáit is Páirtithe leasmhara dá ndéantar difear chun a ndúshláin agus a riachtanais shonracha a chur faoi bhráid na ngeallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear deontóirí agus oibreoirí maidir leis an ngníomhaíocht mianach;

4. Athbhreithniú a dhéanamh ar shásra cur chun feidhme an Choinbhinsiún agus, i gcás inar gá, tacú le hiarrachtaí agus moltaí chun an sásra sin a fheabhsú, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún;
5. Iarrachtaí a iarraidh chun cistiú nua don ghníomhaíocht mianach a chothú agus a chur ar fáil, lena n-áirítear trí mhaoiniú nuálach;
6. A iarraidh ar na Stáit is Páirtithe atá i riaráiste ranníocaíochtaí measúnaithe don Choinbhinsiún é sin a chur ina cheart, agus béim á leagan ar nach mór gealltanas airgeadais a chur le haon ghealltanas polaitiúil don Choinbhinsiún agus molann sé do na Stáit is páirtithe a bhfuil sé ar a gcumas é sin a dhéanamh chun ranníocaíochtaí a thabhairt d'Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin;

*2) I ndáil le Dearbhú polaitiúil Siem Reap-Angkor*

1. Gealltanas a thabhairt maidir le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe, atá fréamhaithe in urraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus do thacaíocht a thabhairt don idirphlé iltaobhach leanúnach maidir le dí-armáil;
2. Buíochas a chur in iúl don Chambóid as an gCúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin a óstáil, taithí láidir na Cambóide i ngach réimse den Ghníomhaíocht Mianach, chomh maith lena hullmhacht chun go mbeidh tíortha eile in ann tairbhe a bhaint as a taithí, a aithint;
3. Tacaíocht a chur in iúl don tosaíocht atá tugtha ag Uachtaránacht na Cambóide d'uiliú, cur chun feidhme Airteagal 5 agus cúnamh d'íospartaigh, agus tacaíocht agus ullmhacht an Aontais chun páirt a ghlacadh sna réimsí sin a mheabhrú;
4. Tiomantas láidir do sheasamh leis an norm i gcoinne mianaigh fhrithphearsanta agus do thacaíocht a thabhairt d'uiliú an Choinbhinsiúin a athdhearbhú;
5. A mheabhrú go bhfuil aon úsáid a bhaintear as mianaigh fhrithphearsanra in áit ar bith, ag am ar bith, agus ag gníomhaí ar bith, fós go hiomlán do-ghlactha don Aontas;
6. Tiomantas polaitiúil na Stát is Páirtithe do chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor a chur in iúl;
7. Aiféala a chur in iúl faoin easpa dul chun cinn atá déanta maidir le huiliú an Choinbhinsiúin ó 2017, agus go bhfuil 33 Stát nach bhfuil rannpháirteach ann, agus rannpháirtíocht athnuaite a mholadh i bhfabhar an uilithe ó na Stáit is Páirtithe uile agus gníomhaithe eile;

8. A thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí le gníomhaithe uile na gníomhaíochta mianach a mheabhrú, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta, na húdaráis náisiúnta maidir leis an ngníomhaíocht mianach agus an earnáil phríobháideach;

9. A dhearbhú gur faoi oibleagáidí an Choinbhinsiúin a thagann gairis phléascacha sheiftithe (IEDanna) a luíonn le sainmhíniú mianach fhrithphearsanra an Choinbhinsiúin;

10. A chur i dtreis gur minic a bhíonn gníomhaíocht mianach bunriachtanach chun forbairt shocheacnamaíoch, cothú na síochána, cobhsú agus rochtain dhaonnúil a chumasú;

11. Gealltanas a thabhairt maidir le héagsúlacht agus comhionannas inscne a mheas agus cineálacha cur chuige atá inscne-fhreagrúil de agus atá coinbhleacht-íogair de a chur chun cinn chun gach gné den ghníomhaíocht mianach a bhaint amach, agus in imeachtaí institiúideacha an Choinbhinsiúin freisin;

12. A chur in iúl gur cúis bhuartha an iliomad taismeach dá thoradh mianach frithphearsanra sa tréimhse ón gCeathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin, agus na tíortha is mó atá buailte a liostú, sonraí agus treochtaí a chur i gcomparáid leis na blianta roimhe sin agus na ceachtanna atá le foghlaim do na 5 bliana atá le teacht;

13. Na tairbhí a fhiosrú agus na sineirgí atá ann cheana le hionstraimí eile faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta a neartú, mar shampla an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD); is príomhghnéithe de chúnamh d'íospartaigh iad na hionstraimí sin, chun cearta an duine agus rannpháirtíocht éifeachtach daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a chur chun cinn ar bhonn comhionann;

*3) Maidir le Plean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor*

1. Aghaidh a thabhairt ar gach gné de chur chun feidhme an Choinbhinsiúin, dea-chleachtais maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme, uiliú, díothú stoc-charn agus coinneáil mianach frithphearsanra, suirbhé agus imréiteach na gceantar ina bhfuil mianaigh, oideachas maidir le rioscaí mianach talún, cúnamh d'íospartaigh, comhar agus cúnamh idirnáisiúnta, agus bearta chun comhlíonadh a áirithiú;

2. Forbairt a dhéanamh ar na bearnaí agus ar na dúshláin a sainaithníodh tríd an Athbhreithniú ar Oibriú agus Stádas an Choinbhinsiúin chun tograí le haghaidh nuálaíochta a fhorbairt i dteannta a chéile, agus cur chun feidhme gach gné den Choinbhinsiún a fheabhsú agus a neartú;

   A chur i dtreis gur cumascóir í an ghníomhaíocht mianach a thacaíonn le hiarrachtaí slándála agus daonnúla, cobhsú agus forbairt shocheacnamaíoch, chomh maith le dídeanaithe a thabhairt ar ais agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na mianach;

3. An méid a rannchuidíonn an Clár Oibre Nua don tSíocháin agus an Comhshocrú don Todhchaí leis an ngníomhaíocht mianach a aithint; Comhpháirtíochtaí speisialta an Choinbhinsiúin leis na Náisiúin Aontaithe, le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, leis an bhFeachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Talún a Chosc agus le Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil, chomh maith le rannchuidiú comhpháirtíochtaí leis an tsochaí shibhialta chun tacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, a aithint;
4. Rannchuidiú an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, an Chláir Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a mheabhrú;
5. Gealltanas ó na Stáit is Páirtithe uile a chur chun cinn maidir lena n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear trí bhearta cúnaimh iomchuí a dhéanamh, nuair a bheidh siad in ann é sin a dhéanamh, thar dímhianú, chun athshlánú sóisialta agus eacnamaíoch na n-íospartach mianach a áirithiú;
6. Tacaíocht don Idirphlé Náisiúnta nó Réigiúnach na bPáirtithe Leasmhara a chur chun cinn chun tuilleadh feabhais a chur ar chomhar agus ar chúnamh maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus chun páirtithe atá freagrach as dea-bhail na bpobal a rinne na mianaigh dochar dóibh agus marthanóirí a spreagadh chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na dúshláin atá rompu trí idirphlé agus comhpháirtíochtaí neartaithe;
7. Forbairt beartas a mholadh chun cabhrú ar an mbealach is fearr le híospartaigh mianach ar bhealach neamh-idirdhealaitheach lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha na sibhialtach uile, lena n-áirítear meabhairshláinte agus tacaíocht shíceasóisialta;
8. Príomhshruthú ghné na hinscne agus riachtanais agus taithí éagsúil na ndaoine i bpobail a ndéantar difear dóibh a chur san áireamh agus gníomhaíocht mianach á pleanáil a mholadh;
9. Na himpleachtaí comhshaoil agus aeráide a bhaineann le gach gné den ghníomhaíocht mianach a chur san áireamh, na Stáit is Páirtithe a spreagadh chun tosaíocht a thabhairt do na gnéithe sin i straitéisí náisiúnta maidir leis an ngníomhaíocht mhianach, tuairisciú ar na gnéithe sin, pointí fócasacha a ainmniú sna coistí tiomnaithe agus éilliú mianach agus gníomhaíocht mianach a mheas i bpleananna náisiúnta freagartha do thubaistí; oibreoirí a spreagadh chun na gnéithe sin a chur san áireamh ina ngníomhaíochtaí agus ina dtionscadail;

10. Na Caighdeáin Idirnáisiúnta Gníomhaíochta Mianach agus moltaí beartais ó Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil i ndáil leis sin a chur san áireamh;

11. Urraim na bpríomhphrionsabal i ngníomhaíocht mianach, lena n-áirítear trédhearcacht, cuntasacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht, cuimsitheacht agus íogaireacht coinbhleachta, a áirithiú;

    Bealaí a chur chun cinn chun agus a aimsiú chun leas a bhaint as dea-chleachtais atá foghlamtha ó thaithí agus ó mhalartuithe ar gach leibhéal;

12. Tacú le cineálacha nuálaíocha cur chuige ar nós sásraí nua cistithe agus maoinithe chun cuidiú leis an ngníomhaíocht mianach;

13. Glacadh beartais chun próiseas Airteagal 5 a neartú d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh na stáit lena mbaineann agus tacú go héifeachtach leo a n-oibleagáidí a chomhlíonadh in am a mholadh;

14. Tacú leis an méadú ar thacaíocht airgeadais agus theicniúil don dímhianú agus do chúnamh d'íospartaigh mianach;

15. A dhearbhú go gcaitear mianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe a imréiteach tríd an ngníomhaíocht mianach i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá ann cheana;

16. An tsaincheist maidir le húsáid neamhdhleathach gairis phléascacha sheiftithe, ar gairis iad a luíonn le sainmhíniú mianach fhrithphearsanra an Choinbhinsiúin agus gur cúis mhór imní é ar cheart aird a thabhairt air sa chéad phlean gníomhaíochta eile, go háirithe i réimse an oideachais maidir le rioscaí mianach talún, a mheabhrú.